

Margadh nach mór déanta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi na cainteanna atá ag dul ar aghaidh idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach faoi Brexit.

Cad é an nuacht is déanaí atá agat faoin scéal? Pléigh a bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *about to make a deal*
- *customs border*
- *the Irish Sea*
- *principal negotiator*
- *withdrawal deal*
- *negotiations were started*
- *there are still big hurdles to get over*
- *happy to support*
- *according to sources*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

A. Anois, féach ar an tuairisc arís. Breac síos sé cheist fúithi le cur ar an duine in aice leat.

B. Cuir na ceisteanna sin ar do pháirtí, agus ansin freagair na ceisteanna a chuirfidh seisean/sise ortsa.

Ceist 4

‘...tuairiscítear...’

Scríobh amach an briathar saor de na briathra seo a leanas san aimsir láithreach:

cuir, íoc, fág, sábháil, ionsaigh, cosain, fulaing

Cuir an fhoirm cheisteach ar fáil freisin, chomh maith leis na freagraí diúltacha agus dearfacha. Féach ar an sampla thíos.

An dtuairiscítear...?
Tuairiscítear.
Ní thuairiscítear.

VIFAX 17 Deireadh Fómhair 2019
Ardleibhéal

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil sa mhír agus cuirigí sna boscaí cuí iad. Féach san fhoclóir más gá.

*Breatain, teorainn, socrú, dréacht, maidin, idirbheartaí,
idirbheartaíocht, tuairisc, comhaontú, margadh,
constaic, deacracht, cinnteacht*

Focail bhaininscneacha	Focail fhirinscneacha

Déanaigí plé anois ar chuid de na rialacha a chuidíonn linn inscne na n-ainmfhocal a aimsiú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an nuacht is deireanaí faoin scéal seo?
2. An gcuireann tú suim i scéalta Breatimeachta? Cén fáth?
3. An bhfuil muinín agat as polaiteoirí a bheith ag obair ar son na ngnáthdhaoine?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

about to make a deal – ar tí margadh a dhéanamh

customs border – teorainn chustam

Irish Sea – Muir Éireann

principal negotiator – príomh-idirbheartaí

withdrawal deal – margadh aistarraingthe

negotiations were started – chuathas i mbun idirbheartaíochta

there are still big hurdles to get over – tá constaicí móra fós le sárú

happy to support – sásta tacú (le)

according to sources – de réir foinsí

Ceist 3

Ceisteanna simplacha:

Cé atá ar tí margadh a dhéanamh?

Cá mbeidh an teorainn chustam?

Cad a dúirt Michel Barnier?

Cad a bhí le rá ag an Taoiseach?

Cad a deir na tuairiscí ar fad?

Cad í an fhadhb is mó atá ag Boris Johnson, de réir Harry McGee?

Ceist 4

Cuir: An gcuirtear...? Cuirtear. Ní chuirtear.

Íoc: An íoctar...? Íoctar. Ní íoctar.

Fág: An bhfágtar...? Fágtar. Ní fhágtar.

Sábháil: An sábháiltear...? Sábháiltear. Ní sábháiltear.

Ionsaigh. An ionsaítear...? Ionsaítear. Ní ionsaítear.

Cosain: An gcosnaítear...? Cosnaítear. Ní chosnaítear.

Fulaing: An bhfulaingítear...? Fulaingítear. Ní fhulaingítear.

Ceist 5

Focail bhaininsneacha	Focail fhirinsneacha
<i>Breatain, teorainn, maidin, idirbheartaíocht, tuairisc, constaic, deacracht, cinnteacht</i>	<i>socrú, dréacht, idirbheartaí, comhaontú, margadh</i>

Seo thíos cúpla nód chun inscne an ainmfhocail a aimsiú:

Focail bhaininsneacha

- Focail a chríochnaíonn le consan caol¹: *Breatain, maidin*.
- Focail a chríochnaíonn le –lann: *bialann, leabharlann*.
- Focail a chríochnaíonn le –eog / -óg: *bróg, duilleog*.
- Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *idirbheartaíocht, filíocht*.
- Focail a chríochnaíonn le –chan: *athbheochan*.
- Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *deacracht, cinnteacht*.

¹ Riail ghinearálta a bhfuil neart eisceachtaí uirthi.

Focail fhirinscneacha

Focail a chríochnaíonn le consan leathan²: *bord, margadh*.

Focail a chríochnaíonn le –ín, nuair is ‘níos lú’ atá i gceist: *cailín, spailpín*.

Focail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *fiaclóir, idirbhealaí*.

Focail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *ceacht, dréacht*.

Focail a chríochnaíonn le guta: *socrú, comhaontú*.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

² Riail ghinearálta a bhfuil neart eisceachtaí uirthi.

Siún Nic Gearailt

Tuairiscítear go bhfuil Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, ar tí margadh a dhéanamh ar an mBreaitimeacht agus go mbeidh teorainn chustam i Muir Éireann mar chuid den socrú sin. D'fhéadfadh go mbeadh dréacht den chomhaontú foilsithe faoi mhaidin amárach.

Caoimhe Ní Laighin

Ar maidin, dúirt príomh-idirbheartaí an Aontais Eorpaigh ar an mBreaitimeacht, Michel Barnier, nach raibh moltaí na Breataine ar an mBreaitimeacht maith go leor go fóill chun margadh aistarraingthe a aontú. Chuir an Bhreatain moltaí nua faoi bhráid an Aontais Eorpaigh inniu agus chuathas i mbun idirbheartaíochta orthu siúd.

Dúirt an Taoiseach ar ball go raibh na cainteanna ag dul sa treo ceart, ach go raibh bearna shuntasach go fóill idir an dá thaobh. Dúirt sé go raibh sé ag súil le tuilleadh eolais ón mBruiséil go luath.

Idir an dá linn, tá tuairiscí díreach foilsithe go bhfuil aontú bainte amach i bprionsabal go mbeidh teorainn chustam i Muir na hÉireann. Agus tá tuairiscí déanta chomh maith go mbeidh dréacht-chomhaontú réidh le foilsíú maidin amárach, rud a d'fhágfadh go mbeadh margadh réidh le cur faoi bhráid an chruinnithe mullaigh rithábhachtaigh sin Déardaoin.

Ach, más fíor do na tuairiscí sin, tá constaicí móra fós le sárú.

Harry McGee, Comhfhreagraí polaitíochta, *The Irish Times*

An deacracht atá ag Príomh-Aire Boris Johnson, agus ag an rialtas, go mbeidh air an DUP a thabhairt leis agus níl aon chinnteacht ag baint leis sin. Faoi láthair, tá fuaimanna beagáinín diúltach ag teacht as an DUP le 24 uair an chloig.

Caoimhe Ní Laighin

Go deimhin, tuairiscítear nach mbeidh an DUP sásta tacú le haon mhargadh ina ngéilleann an Bhreatain tuilleadh don Aontas Eorpach.

De réir foinsí, ní rabhthas riamh chomh dóchasach sa bpróiseas idirbheartaíochta seo is atá díreach anois. Ach beidh le feiceáil an dtiocfaidh deatach bán as an tollán sin faoi mhaidin amárach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.